Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

7795/1/26
REV 1

LIMITE

CORLX 328
CFSP/PESC 466
COEST 254
FIN 484

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643[1].

(2) An 18 Nollaig 2025, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí inar cháin sí go géar gach ionsaí hibrideach a rinneadh le déanaí ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit.

(3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart beirt daoine dlítheanacha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '18. | Euromore<br>a.k.a Euroview<br>a.k.a Euroview Media | Seoladh: Avenue Ariane 5, 1200 Brussels, an Bheilg<br>Suíomh gréasáin: https://euromore.eu/, https://euroview.media | Is ardán meán é Euromore a fheidhmíonn faoi ailtireacht faisnéise atá ar son na Creimile mar athsheachadán neamhoifigiúil sna meáin, atá ann chun cur le hinsintí agus bréagaisnéis na Rúise a dhírítear ar lucht féachana na hEorpa, agus chun na hinsintí agus an bhréagaisnéis sin a athchúrsáil agus a dhlisteanú. Scaipeann Euromore ábhar arís agus arís eile lena dtugtar dúshlán dhlisteanacht institiúidí an Aontais agus lena dtugtar bonn cirt do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tagann a líne eagarthóireachta go comhsheasmhach le pointí cainte a chuireann an Chreimil chun cinn, go háirithe maidir leis an bhfreagracht a chuirtear i leith ECAT agus an Aontais sa choinbhleacht san Úcráin agus údaráis na hÚcráine a dhídhlisteanú. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh/Rialacháin seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Bíonn daoine a chuidíonn le insintí nó bréagaisnéis atá bunaithe ar chomhcheilg a scaipeadh ar an ardán go rialta, rud a chuireann ar a gcumas a bheith os comhair an phobail agus leanúint dá ngníomhaíochtaí tionchair. Is cosúil anois go bhfuil suíomh gréasáin Euromore glanta agus nach bhfuil air ach alt amháin ina ndéantar gearán faoi smachtbhannaí an Iarthair lena ndírítear ar na meáin bholscaireachta. Mar sin féin, tá an seoladh gréasáin fós gníomhach, cé go bhfuil sé ag tagairt anois d'ainm nua 'Euroview Media: euroview.media', agus a chuireann ábhar RT agus Sputnik ar aghaidh.<br><br>Dá bhrí sin, tá Euromore ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, tá sé páirteach iontu agus déanann sé iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i dtríú tír (Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trína bheith páirteach san úsáid a bhaintear as ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis, go díreach nó go hindíreach, agus as tacú leo sin nó as iad a éascú ar bhealach eile. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | The Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad (Pravfond) [an Fhondúireacht um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear]<br><br>(Rúiseach: Некоммерческая организация “Фонд поддержки и защиты прав соотечественников, проживающих за рубежом”) | Seoladh: Arbat Street, 55/32, Moscó, 119200, Cónaidhm na Rúise<br>Áit chlárúcháin: Moscó, an Rúis<br>Dáta clárúcháin: 21.11.2011<br>Uimhir chlárúcháin: 1117799023330<br>Suíomh gréasáin: www.pravfond.ru | Is príomhionstraim de straitéis tionchair eachtraigh agus bolscaireachta Chónaidhm na Rúise é an Fhondúireacht um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear (Pravond).<br><br>Is é stát na Rúise a bhunaigh agus a mhaoinigh an Fhondúireacht, agus tá sí leabaithe go hiomlán in ailtireacht cumhacht bhog na Creimile, agus feidhmíonn sí mar athsheachadán para-institiúideach le haghaidh insintí oifigiúla. Úsáidtear aschur dhlíthiúla agus anailíseacha Pravfond go córasach chun príomhphointí cainte na Creimile a threisiú, go háirithe líomhaintí maidir le ‘naitsiú’ na hÚcráine, éilimh maidir le ‘Russophobia’ forleathan, agus dearbhuithe faoi ghéarleanúint chórasach ar phobail labhartha na Rúisise i stáit chomharsanachta. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh/Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Seolann an Fhondúireacht cistí chuig gníomhaithe a bhfuil dlúthbhaint acu le líonraí tionchair atá ar son na Creimile. Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin Pravfond in iúl go poiblí go dtacaíonn sé leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ag an am céanna, mhol Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise Sergey Lavrov 'obair chomhsheasmhach' an Fhondúireacht ar chur i gcoinne na seineafóibe, an nua-Naitsíochais agus na n-iarrachtaí ar an stair a fhalsú a mhaítear a bheith ar bun, rud a dheimhníonn comhtháthú díreach Pravfond i straitéis oifigiúil cumarsáide agus dlisteanaithe coinbhleachta na Creimile.<br><br>Dá bhrí sin, tá Pravfond freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme, tacú leo, bheith páirteach iontu agus iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i dtríú tír (Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, tríd an úsáid a bhaintear as ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, bheith páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, agus as tacú leo sin agus as iad a éascú. | |